

Ordú Trump

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ordú deireanach a chuir an tUachtarán Trump i bhfeidhm. Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- *refused*
- *opposing the order*
- *refugees*
- *immigrants*
- *the protests spread*
- *started to fight / fell out*
- *supporting*
- *astonishment*
- *the other plans that are on the cards*
- *lunatic*
- *going against the constitution*
- *ceding, surrendering*

Féach ar an tuairisc anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus déan cur síos don duine in aice leat ar ábhar na míre. Bain úsáid as na focail ó cheist 1 thuas.

Ceist 3 Scríobh amach na huimhreacha seo i bhfocail:

7 (tír Mhoslamach)
4,000 duine
100s
16 (Ard-Aighne)

Ceist 4 ‘...idir iontas agus alltacht...’

A. Féach ar na samplaí thíos anois. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar na hainmfhocail sa chéad sampla agus nach bhfuil sa dá shampla eile?

Bhí idir fhir agus mhná ag an ócáid.

Tá Sligeach idir Dún na nGall agus Gaillimh.

Beidh an obair críochnaithe idir meán lae agus a haon a chlog.

‘...ar theifigh...’ ach ‘...ar bun...’

B. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘theifigh’ thuas agus nach bhfuil ar ‘bun’?

Ceist 5 Féach ar an mír arís.

A. Scríobh síos a raibh le rá ag na cainteoirí i d’fhocail féin.

B. Cuir Gaeilge ar ghiollc an Uachtaráin.



Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén fáth a bhfuil an t-ordú seo (cosc a chur ar theifigh agus ar inimircigh dul isteach sna Stáit Aontaithe) conspóideach?
2. Cad a cheapann tú faoin gcéad chúpla seachtain atá curtha isteach ag Donald Trump mar uachtarán.
3. Ar cheart don Taoiseach cuairt a thabhairt ar na Stáit Aontaithe ar Lá Fhéile Pádraig, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

refused – diúltaithe

opposing the order – ag cur in aghaidh an ordaithe

refugees – teifigh

immigrants – inimircigh

the protests spread – scaip na hagóidí

started to fight / fell out – d'éirigh idir

supporting – ag tacú

astonishment – alltacht

the other plans that are on the cards – na pleananna eile atá ar na bacáin (ag)

lunatic – gealt

going against the constitution – ag dul in aghaidh an bhunreachta

ceding, surrendering – ag géilleadh

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

seacht dtír Mhoslamacha

ceithre mhíle duine

na céadta

sé Ard-Aighne déag

Ceist 4

- A. Cuireann **idir** séimhiú ar an ainmfhocal a leanann é nuair a chiallaíonn sé 'ina measc' (idir dhaoine), *both*, nó nuair a bhíonn liosta i gceist (idir dhaltaí, mhúinteoirí agus chigirí). Ní leanann séimhiú **idir** nuair a chiallaíonn sé *between* ná nuair atá spás nó am i gceist (idir Gaillimh agus Sligeach/idir meán lae agus meán oíche).
- B. Leanann séimhiú **ar** nuair a bhíonn suíomh nó ionad áirithe i gceist. Ní leanann séimhiú **ar** nuair a bhíonn ionad ginearálta i gceist (ar bord), ná nuair a bhíonn staid nó coinníoll i gceist (ar meisce), ná nuair a bhíonn am i gceist (ar ball).

Ceist 5

A. Féach an script.

B. *If the ban were announced with a one week notice, the 'bad' would rush into our country during that week. A lot of bad 'dudes' out there!*

Dá mba rud é gur tugadh fógra seachtaine sular tugadh an cosc isteach, thiocfadh na bligeaird faoi dheabhadh chugainn an tseachtain sin. Tá an áit lán de bhligearid.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhuel, duine amháin go dtí seo a bhfuil diúltaithe dó taisteal go Meiriceá as aerfort Bhaile Átha Cliath ó cuireadh ordú nua Uachtarán Mheiriceá, Donald Trump, i bhfeidhm, a deir an Roinn Iompair. Tá na mílte i mbun agóide i Meiriceá agus ar fud an domhain, ag cur in aghaidh an ordaithe a chuir cosc ar theifigh agus ar inimircigh ó sheacht dtír Mhoslamacha isteach go Meiriceá.

Irene Ní Nualláin

Scaip na hagóidí, a bhí ar bun ar dtús in oirthear Mheiriceá, ar fud na Stát Aontaithe aréir. Chruinnigh breis is ceithre mhíle duine ag aerfort LAX le cur i gcoinne ordú Donald Trump maidir le hinimircigh. Bhí na céadta i láthair ag aerfort San Francisco, ag Houston agus ag aerfort Detroit agus Minneapolis. In Portland, Oregon, d'éirigh idir daoine atá ag tacú le Trump agus daoine atá ina choinne. Bhí idir iontas agus alltacht ar dhaoine i mBarna na Gaillimhe faoin scéal.

Duine 1

Ceapaim go bhfuil sé mícheart. Go mór mór daoine atá...a bhfuil...*you know*...tá daoine atá ina gcónaí ann agus tógadh ann iad agus má imíonn siad amach, ní bhfaighidh siad cead dul isteach arís. Níl sé sin ceart.

Duine 2

Tá an tír curtha trína chéile aige cheana féin, agus ní iontas ar bith é go mbeadh imní ar Éireannaigh, mar níl sé ach ina thús. Níl sé ach ag tosú agus cá bhfios céard na pleananna eile atá ar na bacáin aige amach roimhe. Sílimse gur gealt atá ann, agus gealt contúirteach.

Duine 3

Tá sé craiceáilte. Tá sé ag cruthú a lán deighiltí¹ ar fud an domhain.

Duine 4

Tá sé ag tabhairt cabhair do na tíortha go² bhfuil sé ag déanamh tráchtáil leo ina ghnóthaí féin. Níl suim ar bith aige sna daoine.

Irene Ní Nualláin

Cé go bhfuil sé ráite ag sé³ Ard-Aighne déag sna Stáit Aontaithe go bhfuil ordú Trump ag dul in aghaidh an bhunreacht⁴, níl an tUachtarán ag géilleadh ná sásta dul siar ar an ordú. I ráiteas ón Uachtarán Trump, dúirt sé nach mbaineann an cosc taistil atá curtha i bhfeidhm aige le creideamh, ach le cosaint a thabhairt do Mheiriceá.

Rinne an tUachtarán Trump cosaint ar an ordú ar Twitter, a rá nár tugadh aon fhógra go raibh sé le teacht i bhfeidhm ionas nach mbeadh deis ag drochdhaoine a mbealach a dhéanamh isteach sa tír.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

¹ *deighilt* a deirtear

² *a bhfuil* an leagan caighdeánach

³ *seisear* a deirtear

⁴ *na bunreacht* a deirtear